**Leasú 7/rev**
**Emmanuel Maurel, Geoffroy Didier, Ibán García Del Blanco, Laurence Farreng, Sabine Verheyen, João Albuquerque, Tomasz Frankowski, Massimiliano Smeriglio, Axel Voss, Christel Schaldemose, Adrián Vázquez Lázara, Manon Aubry, Marisa Matias, Maria Grapini, Vilija Blinkevičiūtė, Dace Melbārde, Nicola Danti, Mick Wallace, Petros Kokkalis, Sylvie Guillaume, Marie-Pierre Vedrenne, Gilles Boyer, Ilana Cicurel, François-Xavier Bellamy, Anne Sander, Hildegard Bentele, Monika Hohlmeier, Karolin Braunsberger-Reinhold, Martina Michels, Hannes Heide, Andrey Kovatchev, Demetris Papadakis, Pernille Weiss, Morten Løkkegaard, Asger Christensen, Erik Poulsen, Juan Ignacio Zoido Álvarez, Pablo Arias Echeverría, Jordi Cañas, Javier Moreno Sánchez, Clara Aguilera, Laura Ballarín Cereza, Estrella Durá Ferrandis, Jonás Fernández, Lina Gálvez Muñoz, Eider Gardiazabal Rubial, Nicolás González Casares, Alicia Homs Ginel, Javi López, Juan Fernando López Aguilar, Cristina Maestre Martín De Almagro, Inma Rodríguez-Piñero, Marcos Ros Sempere, Nacho Sánchez Amor, Isabel García Muñoz, Mónica Silvana González, Domènec Ruiz Devesa, Eugenia Rodríguez Palop, Nathalie Colin-Oesterlé, Laurence Sailliet, Brice Hortefeux, Nadine Morano, Irène Tolleret, Christophe Grudler, Bernard Guetta, Sylvie Brunet, Max Orville, Dominique Riquet, Valérie Hayer, Pascal Canfin, Fabienne Keller, Salima Yenbou, Catherine Amalric, Catherine Chabaud, Stéphane Bijoux, Stéphanie Yon-Courtin, Pierre Karleskind, Jérémy Decerle, Nora Mebarek, Christophe Clergeau, Raphaël Glucksmann, Anne-Sophie Pelletier, Leila Chaibi, Marina Mesure, Theodoros Zagorakis, Alexis Georgoulis, István Ujhelyi, Clare Daly, Massimiliano Salini, Lara Comi, Stefania Zambelli, Aldo Patriciello, Fulvio Martusciello, Francesca Peppucci, Marco Zullo, Nils Ušakovs, Juozas Olekas, Carlos Zorrinho, Pedro Marques, Sara Cerdas, Isabel Carvalhais, Michaela Šojdrová, René Repasi, Pilar del Castillo Vera, Loucas Fourlas, César Luena, Niels Fuglsang**

**Tuarascáil A9-0335/2023**
**Beata Mazurek**
Cur chun feidhme Rialachán Geobhlocála 2018 sa Mhargadh Aonair Digiteach (2023/2019(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 23**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 23. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ***gá le tuilleadh*** gníomhaíochtaí ***chun ionchais na dtomhaltóirí a chomhlíonadh*** maidir le hinfhaighteacht ***traschatalógach imeachtaí spóirt,*** agus ***rochtain trasteorann orthu, trí sheirbhísí sruthaithe***, amhail tionscnaimh tionscail ***agus comhpháirtíochtaí atá*** faoi stiúir an mhargaidh chun ***ábhar a dháileadh tuilleadh*** ar ***fud an Aontais agus rochtain*** | 23. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gníomhaíochtaí ***breise á bhforbairt*** maidir le hinfhaigheacht agus ***so-aimsitheacht imeachtaí spóirt***, amhail tionscnaimh tionscail faoi stiúir an mhargaidh ***agus comhpháirtíochtaí*** chun ***rochtain bhreise agus rochtain mhéadaithe*** ar ***inneachar agus so-aimsitheacht ábhair a spreagadh ar fud an Aontais***; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go |

| | |
|---|---|
| ***agus infhaighteacht a mhéadú***; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go ndéanfaí measúnú cúramach ar na roghanna uile lena laghdófar na bacainní geobhlocála gan údar ***agus idirdhealaitheach*** maidir le rochtain ar sheirbhísí closamhairc agus ar imeachtaí spóirt, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar ***shamhlacha gnó atá ann faoi láthair*** agus ar an maoiniú atá ar fáil d'earnáil na cruthaitheachta á chur san áireamh; á chur i bhfios go bhfuil infheistíochtaí an-mhór ag baint le maoiniú saothar closamhairc agus cineamatagrafaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún go ndéanfaí toradh a idirphlé le geallsealbhóirí a chur faoi bhráid na Parlaiminte i ndáil le raon feidhme an Rialacháin maidir le Geobhlocáil a leathnú chuig ábhar closamhairc b'fhéidir, lena n-áirítear céimeanna nithiúla agus spriocanna sonracha chun ***rochtain ar ábhar closamhairc agus infhaighteacht*** an ábhair sin thar theorainneacha a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin saibhreas agus éagsúlacht an chultúir san Eoraip a léiriú; | ndéanfaí measúnú cúramach ar na roghanna uile lena laghdófar na bacainní geobhlocála gan údar maidir le rochtain ar sheirbhísí closamhairc agus ar imeachtaí spóirt, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar ***éagsúlacht na samhlacha gnó*** agus ar an maoiniú atá ar fáil d'earnáil na cruthaitheachta á chur san áireamh; á chur i bhfios go bhfuil infheistíochtaí an-mhór ag baint le maoiniú saothar closamhairc agus cineamatagrafaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún go ndéanfaí toradh a idirphlé le geallsealbhóirí a chur faoi bhráid na Parlaiminte i ndáil le raon feidhme an Rialacháin maidir le Geobhlocáil a leathnú chuig ábhar closamhairc b'fhéidir, lena n-áirítear céimeanna nithiúla agus spriocanna sonracha chun ***so-aimsitheacht*** an ábhair ***closamhairc*** sin thar theorainneacha a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin saibhreas agus éagsúlacht an chultúir san Eoraip a léiriú; |

Or. en